Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16985/24**

**AGRI 891**
**AGRIFIN 149**
**FIN 1132**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15965/1/24 REV 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta: pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol'<br>*Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil speisialta Uimh. 20/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *'Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta: pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol',*

a ghlac an Chomhairle ag an 4071ú cruinniú a bhí aici, an 17 Nollaig 2024.

## Conclúidí ón gComhairle

**Tuarascáil speisialta Uimh. 20/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta – pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2024 ón gCúirt dar teideal *Common Agricultural Policy Plans – Greener, but not matching the EU's ambitions for the climate and the environment* [Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta – pleananna níos glaise, ach gan iad a bheith ag teacht le huaillmhianta an Aontais don aeráid agus don chomhshaol], ina ndéantar measúnú féachaint an bonn fónta iad pleananna straitéiseacha CBT 2023-2027 chun cuspóirí beartais CBT níos glaise a bhaint amach agus na freagraí ón gCoimisiún ar an tuarascáil sin;

2. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt don Choimisiún leanúint de mhalartú dea-chleachtas 'glas' a chur chun cinn, rud a nglacann an Coimisiún leis;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt don Choimisiún meastachán a dhéanamh ar rannchuidiú CBT le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Chomhaontaithe Ghlais agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an creat faireacháin d'fheidhmíocht aeráide agus chomhshaoil CBT;

4. I gcomparáid leis an tréimhse ó 2014 go dtí 2022, DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an leibhéal méadaithe uaillmhéine i bpleananna straitéiseacha CBT a mhéid a bhaineann le gnéithe comhshaoil agus aeráide agus, ag an am céanna, AITHNÍONN SÍ na difríochtaí atá ann i measc na mBallstát maidir leis na bealaí is iomchuí chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;

5. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé ar cheann de phríomhchuspóirí CBT slándáil bia a áirithiú san Aontas agus, ag an am céanna, go rannchuidíonn sé le spriocanna comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, áfach, nach bhfuil in CBT ach ceann amháin de na huirlisí chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;

6. DÍRÍONN SÍ AIRD AR Thuarascáil 2024 an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide[1] ina léirítear an treocht atá ann faoi láthair maidir le hastaíochtaí an Aontais a laghdú, agus í ag súil go gcomhlíonfaidh earnáil na talmhaíochta na ciorruithe astaíochtaí atá le baint amach faoi 2030;

7. MEABHRAÍTEAR DI freisin nár cuireadh tús le cur chun feidhme phleananna straitéiseacha CBT go dtí 2023 agus gur tréimhse an-dúshlánach a bhí sa tréimhse le déanaí d'earnáil talmhaíochta na hEorpa agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé róluath a bheith in ann measúnú iomlán a dhéanamh ar thionchar CBT nua ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais;

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le cobhsaíocht agus le hintuarthacht i ndáil leis an gcreat dlíthiúil agus IARRANN SÍ go mbeadh córas simplithe bailithe sonraí ann lena gcomhlíonfaí riachtanais éagsúla agus lena seachnófaí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis d'fheirmeoirí na hEorpa agus d'údaráis inniúla na mBallstát.

---

[1] Tuarascáil 2024 an Aontais ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (COM(2024) 498 final, 31/10/2024